

Athrú

Chaith Gearóid ó 1978 – 1985 san tSile i rith réimius Augusto Pinochet áit a bhfaca sé ciapadh, géarleanúint, cos ar bholg agus daoine dhá rugadh as an tír. Bhí sé sa mBrasail ó 1985 – 2007. I rith an ama seo ar fad bhí sé ag obair le daoine a bhí ar an imeall. Is as seo a fuair sé a dhaonnacht agus a thuiscint ar fhíor shoiscéal Chríost. Tá Gearóid éirí as a bheith ina Shagart ó 1997.

Tá sé féin agus a bhean Geneci agus a dtriúr clainne Camila, Vitor agus Liam ar ais abhaile ó 2007 agus tá conaí orthu i gCois Fharraige.

An duine tú a théann fós ag an Séipéal nó ag an Aifreann? Nó má théann cén fáth a dtéann? Níl freagra na gceisteanna sin agamsa ach tá a fhios agam cén tarraingt atá iontu seo dom féin. Cosúil le go leor liom, rugadh isteach i gcleachtas creideamh Caitliceach Conamaraíoch mé. Cleachtas deirim, sea, gan mórán smaoineamh ná macnaimh ar céard a bhí taobh thiar de seo ar fad le linn dom a bheith ag fás aníos. Is í an íomhá d'Íosa Críost a phioc mé suas ón Scoil, agus ón Eaglais go h-áirithe ná de Slánaitheoir, Messias, Fáidh, Sagart agus Rí, ach ba mhaith liom díriú isteach ar an Íosa eile a chuir mé aithne air i mbruachbhailte fullangthacha, anróiteacha agus mí-chothrom Mheiriceá Theas, agus sin é, Íosa Críost an Réabhlóideach.

Ní duine dochma, feanntach ná an-bhreithiúnach a bhí in Íosa



Gearóid lena bhean Geneci & a dtriúr clainne Camila, Vitor & Liam

Críost, ach a mhalairt, bhí sé lán de mhaitheas agus de thrócaire agus grá thar cuimse aige á phobal go mór mhór dóibh siúd a bhí bocht, faoi leatrom agus a raibh cos ar bholg á imirt orthu ag údaráis a linne. Is á bharr seo ar fad go raibh sé de shíor in adharca údaráis an lae. Chonaic sé cé chomh cam, suarach, leatromach agus éagórach a bhí siad ag caitheamh leis an bpobal agus níl bealach ar bith a b'fhéadfadh sé a bheith mar chuid den aicme seo ná a bheith ciontach ina ndaoirse ar bhealach ar bith, na suí síos chun boird leo.

Má bhreathnaíonn muid ar iompar Íosa le linn dó a bheith ar

an saol seo, feiceann muid nach gríosóir ná ceannairceach a bhí ann, ach é sin ráite bhí sé de shíor ag tabhairt dúshlán na Scríobhaithe agus na bhFairisínigh agus údaráis a linne. Duirt duine éigin uair amháin, “déanann an ceannairceach iarracht na nithe atá imithe tharainn a athrú; ach déanann an réabhlóideach iarracht an todhchaí a athrú” agus seo é an bóthar a thug Íosa air féin. Go deimhin féin ní raibh an saol mar a chéile théis de ghníomhaíochtaí saol poiblí Íosa. D'athraigh sé go deo an dearcadh a bhí ag an duine ar Dhia, ar a mhac a samhail féin, ar mhná, ar na boicht agus orthu siúd a bhí ar an imeall. Tháinig

sé leis na sean-bhealaí agus na sean-struchtúir a bhí lofa ó na fréamacha aníos a athrú go radiciúil; le comhaontú nua, ríocht nua, beatha nua, cine nua, cultúr nua agus sibhialtacht nua a chur ina n-áit.

Níl sé soiléir cén phlean oibre a bhí ag Íosa Críost nó an raibh sé ar intinn aige Eaglais a bhunú ar chor ar bith, nó má bhí, an é an leagan amach atá inniu uirthi a bhí ar intinn aige? Déarfadh roinnt Diagaí linn go bhfuil a chruthúnas sin le feiceáil i Soiscéal Naomh Matha 16:18-19 (Is tusa Peadar ...). Gné an-suimiúil faoin bpasáiste seo nach bhfuil fáil air in aon cheann do na trí Soiscéal eile. Má tá sé chomh bunúsach sin mar chruthú gurbh é mian Íosa Eaglais struchtúrtha a bhunú bheadh duine ag súil go ndéanfaí tagairt dó sna soiscéil eile freisin. Má tá Naomh Matha ag úsáid na véarsaí áirithe seo mar chruthúnas de mhianta agus de phleananna Íosa Eaglais a bhunú, tá roinnt amhrais orm gurbh é an struchtúr atá inniu ar an Eaglais a bhí ar intinn aige. Cén fáth a ndéirim é seo?

An bunchiall atá leis an b'fhocal Eaglais, nó ekklesia, ná pobal, nó ionaid a mbailíodh na Críostaithe le tacaíocht a thabhairt á chéile ach go mór mhór le cuidiú leo siúd a bhí ar an ngannchuid. Úsáideadh an tearma den chéad uair i nGníomhartha na nAspal, ní mar Eaglais bunaithe ag Íosa Críost lena córas riaracháin, deasghnáth, dleathach agus teagascach mar atá inniu againn.

Ag an nóiméad seo agus mé ag cur peann le páipéar tá géarchéim eacnamaíochta sa tír, ach déarfainn féin gur géarchéim morálta agus eitice atá i réim agus an cruth atá ceannairí na

tíre a chur ar chúrsaí cheapfá nach bhfuil freagracht ar bith orthu as a bhfuil ag tarlú, gur anuas as an spéir a thit rudaí. Go laethúil tá siad ag teacht amach le ráitis éadrom, folamh gan substaint.

Ag breathnú go grinn ar theagasc Chríost, ar a iompar, na cairde a bhí aige agus an comhlúadar a choinnigh sé, tá fíor-bheagán cosúlachta eatarthu seo agus gníomhaíochtaí Eaglais an lae inniu. Cén aicme daoine a bhailigh sé timpeall air féin agus é ag díriú isteach ar a mhisiún? Sea, oibrithe agus iascairí a ghlaoigh sé orthu agus iad i mbun oibre agus iad ag glanadh amach a gcuid bád agus ag deisiú a gcuid eangach. Ní hiad lucht an rachmais, ná an lucht acadúil, dochtúirí, baincéirí ná polaiteoirí a linne a ghlaoigh sé chuige féin orthu le bheith páirteach ina thógra beatha. Níor thóg se pálás mór sóil, ná níor thaisteal timpeall ar dhroim camel, ná ní raibh teach saoire aige cois na trá. Á mbeadh sé anseo inár measc mar dhuine inniu cén cineál stíl beatha a bheadh á chaitheamh aige, nó cé hiad na cairde a bheadh aige?

Sa gcomhthéacs seo ar fad, iarraim cá bhfuil guth morálta Eaglais Chríost agus muid go básta i bpuiteach an chur i gcéill, bréaga, dallamullóg agus an éadóchais? An bhfuil a bealach caillte aici freisin? Bhfuil an chléir imithe síos bóthar an chorparáideachais gnó ag tógáil impireachtaí timpeall orthu féin? Cén tuiscint atá ag an gcléir ar a ról i saol an lae inniu?

Sainmhíniú a thabhairt ar mhisiún onár léargas féin ar chúrsaí is mar a chéile é agus léargas an Fhairisíneach a chuireann an cheist, cé hé mo chomharsa? (Lúcás 10,29) é

dírithe isteach ar féin, “mé féiner” a bhí ann, tá mise ceart, bíodh an diabhal ag an gcuid eile agaibh. Tá sé sásta ligean do dhuine bás a fháil ach tá sé ag comhlíonadh an “dlí”, agus nach iomaí sin dlí atá iallach orainn a chomhlíonadh nach bhfuil ceart na cóir!

Tá an Eaglais an-tógtha suas léi féin mar institiúid, ag eagrú a misiún ón taobh istigh amach, ón uachtar anuas. Taispeánann Íosa dúinn gurb é a mhalairt ba cheart dúinn a dhéanamh! Bíodh ár ngníomhaíochtaí dírithe i dtreo an te atá ina aonar, gonta, titithe, lotaí le marcanna na mí-éagóra agus ag doras an bháis. An Samaratánach Maith a bhí taobh amuigh den cheartchreidmheach nó an ortadocsach Iúdach, bhí sé in ann feidhmiú ar an mbealach seo, bhí sé oscailte, ar an airdeall don té a bhí lag agus súil amach aige don té a bhí ar an imeall agus a raibh lámh cabhrach ag teastáil uaidh.

Tá muid ar fad atá baistithe glaoite le bheith ina ndeisceabal ag Críost, sin má chreideann muid ina theachtairacht, agus beart a dhéanamh á réir. Sí an cheist a ardaíonn sé seo inniu ná; mas é sin an scéal é cén fáth nach bhfuil an domhan Críostaí agus muid mar chuid den domhan seo níos gníomhaí sna réimsí céanna saoil a raibh Críost gníomhach iontu?

Tá faitíos orm go bhfuil muid stromphtha leis an bhfáitíos a bheith difriúil, seasamh a thógáil ar shon an chirt, mar má dhéanann muid sin ní bheidh muid san “gciorcaí orga” agus b'fhéidir go gcaillfeadh muid ár stadas, na “perks”, “an déirce” agus “na buntáistí” a thagann ó bheith inár mbaill den aicme seo.

le Gearóid Ó Fátharta